An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0086/2024**

Do Phríomhoidí agus do Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal agus Scoileanna Speisialta, agus do Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

# Ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1) agus Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)

## (Do chohóirt scoláirí a théann faoin Scrúdú Deiridh in 2027, 2028, agus 2029)

**Réamhrá**

Is mian leis an Roinn Oideachais údaráis bhainistíochta na scoileanna dara leibhéil agus scoileanna speisialta a sholáthraíonn clár de chuid na Sraithe Sóisearaí do scoláirí atá ag teacht le leibhéal 3 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur ar an eolas faoi leasuithe ar ábhar dualgais don dara agus don tríú bliain de *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)* (2023) agus *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2) (2023)*.

Eascraíonn na leasuithe seo as athbhreithniú na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar na liostaí téacsanna, mar a fógraíodh in 2023. Baineann na leasuithe seo leis an gcohórt scoláirí a théann faoin scrúdú deiridh in 2027, 2028, agus 2029.

Sa chiorclán seo leagtar amach an t-ábhar dualgais do:

- *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1) (2023)* atá dírithe ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge a dhéanann staidéar ar ábhair seachas Béarla, trí mheán na Gaeilge.
  **agus**
- *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2) (2023)* atá dírithe ar scoláirí a bhfuil an Ghaeilge á saothrú acu mar dhara teanga go príomha agus atá i mbun staidéir ar ábhair eile trí mheán an Bhéarla.

Ba chóir dóibh siúd a léann an Ciorclán seo a thabhairt faoi deara go dtagann an Ciorclán seo in áit na dtéacsanna atá leagtha síos i gciorclán 0015/2023 Iarrann an Roinn ar na húdaráis scoile an Ciorclán seo a chur ar a súile do gach múinteoir a mhúineann sonraíochtaí T1 agus T2.

Lena chois sin, iarrann an Roinn ar údaráis scoile fógra cuí faoi na leasuithe do na liostaí téacsanna seo (T1 and T2) a thabhairt do na scoláirí ag tús na scoilbhliana lena mbaineann.

Tá teacht ar an gCiorclán seo ar gov.ie

Is féidir fiosruithe maidir leis an gCiorclán seo a chur trí ríomhphost chuig: CAP_Helpdesk@education.gov.ie.

Celeste O'Callaghan

Príomhoifigeach
An tAonad um Beartais Churaclaim agus Measúnachta
Samhain 2024

**Ról na litríochta i ndáil le foghlaim, teagasc agus measúnú na Gaeilge sa tSraith Shóisearach**

*Is acmhainn luachmhar é an téacs liteartha don bhfoghlaimeoir teanga mar go dtacaíonn saothrú na dtéacsanna seo le forbairt roghanna scileanna agus tuiscintí ábhartha. Nuair a chomhtháthaítear ionramháil ar théacsanna liteartha le forbairt scileanna teanga, cothaítear raon leathan cumas sa bhfoghlaimeoir:*

- teanga agus litearthachta
- scileanna criticiúla agus cruthaitheacha
- tuiscintí cultúrtha
- forás pearsanta.

*Téacsanna á roghnú*
Tá ról an scoláire i roghnú téacsanna thar a bheith tábhachtach. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ar théacsanna liteartha a fhiosrú le linn na chéad bhliana, thar thréimhse an dara agus an tríú bliain roghnóidh an scoláire, i gcomhpháirt leis an múinteoir:

| T1 | T2 |
|---|---|
| • **aon** úrscéal amháin (iomlán)<br>• **aon** dráma amháin (iomlán)<br>• **cúig** dhán/amhrán<br>• **dhá** ghearrscéal<br>• **dhá** ghearrscannán<br>• **cúig** théacs áitiúla/béil | • **dhá** ghearrscannán nó dráma amháin (iomlán)<br>• **aon** ghearrscéal amháin<br>• **ceithre** dhán/amhrán<br>• **aon** úrscéal amháin (iomlán) *Ardleibhéal amháin* |

**Níor** cheart téacsanna a ndearnadh staidéar orthu sa chéad bhliain a áireamh sa roghnú seo.

Ní mór téacsanna don dara bliain agus don tríú bliain a roghnú as an liosta de théacsanna liteartha dualgais atá leagtha amach in Aguisín 1 d'fhoghlaimeoirí T1 agus in Aguisín 2 d'fhoghlaimeoirí T2.

Tuigtear gurb ann do leaganacha éagsúla do mhórán de na hamhráin. Dá bhrí seo, beidh sé de shaoirse ag an scoláire, i gcomhpháirt leis an múinteoir, na leaganacha is oiriúnaí dá c(h)omhthéacs foghlama féin a roghnú. Beidh comhairle ar fáil ó Oide, an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile (www.oide.ie) maidir le conas a faoin mbealach is fearr chun téacsanna áitiúla cuí nó leaganacha de na hamhráin thraidisiúnta a aimsiú.

*An litríocht agus an measúnú*
Is é cuspóir an mheasúnaithe tacú leis an bhfoghlaim. Moltar do scoileanna breathnú ar *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)* **nó** *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)* chun mionsonraí a fháil maidir leis na socrúcháin mheasúnaithe don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach agus an ról atá ag téacsanna liteartha sna measúnuithe seo. Is féidir teacht ar an tSonraíocht ag www.curriculumonline.ie nó an nasc seo.

Beidh comhairle ar fáil ó Oide, an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile (www.oide.ie) freisin, ar conas a fhéadfar eispéireas foghlama a dhearadh ar shlí a éascaíonn measúnú foirmitheach agus suimitheach ar na scileanna a chothaítear trí théacsanna liteartha a bhlaiseadh agus a staidéir.

*Measúnú ar an nGaeilge don Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí*
Anseo thíos, tugtar forbhreathnú ar áit na litríochta sa mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí.

*Measúnú Rangbhunaithe: 1 Punann Teanga*
Ba cheart do scoláirí leas a bhaint as téacs litríochta ón liosta dualgais don dara agus/nó tríú bliain mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de chomhpháirt punainne a roghnófar.

*Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach*
Is féidir le scoláirí téacsanna ón liosta litríochta don dara agus/nó tríú bliain a úsáid mar spreagadh don ábhar/topaic/píosa cruthaitheach.
Nóta: Is ag leibhéal comónta atá gach Measúnú Rangbhunaithe.

*Tasc Measúnaithe*
- Tabharfaidh na scoláirí faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích acu.
- Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe tar éis don dara Measúnú Rangbhunaithe agus beidh baint ag an tasc leis na torthaí foghlama don dara Measúnú Rangbhunaithe.
- Is é an Coimisiún na Scrúduithe Stáit a ndéanann an Tasc Measúnaithe a mharcáil.

Tá eolas faoi na Measúnaithe Rangbhunaithe ar fáil in *An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach (Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, T1): Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* agus in *An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach (Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, T2): Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* atá ar fáil ag curriculumonline.ie, anseo.

*An Scrúdú Deiridh*

- Socróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an scrúdú deiridh.
- Reáchtáiltear an scrúdú ag deireadh an tríú bliain.
- Is scrúdú dhá uair an chloig agus ag dhá leibhéal: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal a bheidh ann.
- Éileofar ar scoláirí a c(h)umais teanga a léiriú trí dhul i ngleic le cumarsáid phearsanta agus idirghníomhach  i dtascanna éagsúla.
- I gcás an Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil ag T1 agus an Ardleibhéil amháin ag T2, beidh freagairt phearsanta/chumarsáideach an scoláire ar théacsanna liteartha á lorg i dtascanna áirithe.  Ní bheidh a leithéid de thasc acu siúd a bheadh ag déanamh scrúdú T2 ar an nGnáthleibhéal.

**Aguisín 1:Liosta Téacsanna Dualgais T1**

## Liosta Téacsanna Dualgais (T1)

(Tagann an liosta de théacsanna dualgais seo in áit an liosta atá i gciorclán 0015 / 2023)

| Úrscéalta T1 | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| Doras Fuinneog Scuab | Seán Mac Mathúna | Leabhar Breac | 2015 |
| LabhairAmach.com | Áine Uí Fhoghlú | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| Sárú | Anna Heussaff | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| An Mianadóir | Jackie Mac Donncha | Cló Iar-Chonnacht | 2015 |
| Comhcheilg Pháirc an Chrócaigh | Diarmaid Ó Ceallaigh | Coiscéim | 2013 |
| An Gárda Cósta | Máire Uí Dhufaigh | Leabhar Breac | 2012 |
| Eachtra ar Oileán na Rún | Briain Ó Broin | Leabhar Breac | 2021 |
| Éanna Corr | Antain Mac Lochlainn | Leabhar Breac | 2024 |
| I mo Chroí Istigh | Áine Ní Ghlinn | Cló Iar-Chonnacht | 2021 |
| Maitrióisce | Siobhán Parkinson | Cois Life | 2011 |

| Gearrscéalta T1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar** | **Cnuasach** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| An Eochair | Jackie Mac Donncha | Bróga Johnny Thomáis | Cló Iar-Chonnacht | 2012 |
| Claonfhéachaint | Ré Ó Laighléis | Goimh agus Scéalta Eile | MÓINÍN | 2004 |
| Ag Cúinne M St. agus Wisconsin | Alex Hijmans | Idir Dhá Thír | Cois Life | 2017 |
| An Cluiche Mór | Ógie Ó Céilleachair | Katfish agus Scéalta Eile | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| M'Asal Beag Dubh | Pádraic Ó Conaire | Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta (eag. Diarmuid de Faoite) | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| Bodach an Chóta Lachtna | Séamus Ó Searcaigh | Laochas | An Gúm | 1945 2009 |
| Díol agus Ceannach | Máirín Ní Choinceanainn | Guth na Mara | Gathanna Gréine Teo. | 2012 |
| An Buille | Liam Ó Flaithearta | Dúil | Cló Iar-Chonnacht | 2012 |
| Na Bóithre | Pádraig Mac Piarais | Ó Pheann an Phiarsaigh | Cló Iar-Chonnacht | 2016 |

| Filíocht T1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **File** | **Cnuasach / Ar fáil ag** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| Filleadh ar an gCathair | Ailbhe Ní Ghearbhuigh | The Coast Road | Gallery Books | 2016 |
| An Foclóirí | Colm Breathnach | An Fear Marbh | Coiscéim | 1998 |
| Ceist na Teangan | Nuala Ní Dhomhnaill | Pharaoh’s Daughter | Gallery Press | 1990 |
| Gaiscíoch an Chamáin | Micheál Ó Conghaile | Comhrá Caillí | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| Aongus | Johnny Chóil Mhaidhc | Buille Faoi Thuairim Gabha | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| Sámhchodladh | Colm Breathnach | An Fear Marbh | Coiscéim | 1998 |
| Piseoga | Louis de Paor | Ag Greadadh Bás sa Reilig | Cló Iar-Chonnacht | 2005 |
| Deireadh Cóisire | Gearóid Mac Lochlainn | Na Scéalaithe | Coiscéim | 1999 |
| Ceithre Ráithe na Bliana | Pádraig Mac Suibhne | Solas Uaigneach | An Sagart | 1992 |
| Máthair | Nuala Ní Dhomhnaill | Northern Lights | Gallery Books / The Gallery Press | 2018 |
| Port na bPúcaí | Dairena Ní Chinnéide | Poll na mBabies | Coiscéim | 2008 |
| M’athair | Áine Ní Ghlinn | Rúin Oscailte | Coiscéim | 2021 |

| Amhráin T1 | |
|---|---|
| **Teideal** | **Scríbhneoir / Amhránaí** |
| An Bóthar | Mark Ó Loinsigh |
| Beir mo Dhúthracht | Pádraig Ó Siochfhradha |
| Ceap do Shuaimhneas | IMLÉ |
| An Poc ar Buile | Traidisiúnta |
| Mise Éire | Pádraig Mac Piarais (liricí) Patrick Cassidy (ceol) |
| An Saol Rúnda | Oisín Mac |
| Amhrán Chuigéil | John Beag Ó Flatharta |
| Caidé sin don té sin? | Traidisiúnta |
| An Seanduine dóite | Traidisiúnta |
| Ceol an Phíobaire | Traidisiúnta |
| Déan é | Sruth na Maoile |
| An Mhaighdean Mhara | Traidisiúnta |
| Cití na gCumann | Altan |
| Amhrán na nGael | Méabh Ní Bheaglaoich |
| Beauty Deas an Oileáin | Seán Ó Duinnshléibhe |
| Spéirling | Eugene Peelo |
| Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir | Tadhg Mac Dhonnagáin |
| Dochar | Sonny Ní Chathasaigh |

| Gearrscannáin T1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Stiúrthóir** | **Scríbhneoir** | **Léiritheoirí / Comhlacht** | **Ar fáil ag** |
| *Síle* (2013) | Cathal Ó Cuaig | Séamus Moran | Ciarán Ó Cofaigh/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/ |
| An Buille (2010) | Marion Ní Loinsigh | Tristan Rosenstock | Deirdre Ní Fhlatharta/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/ |
| Fluent Dysphasia (2004) | Daniel O'Hara | Daniel O'Hara | Gráinne O'Carroll/ Dough Productions | https://ifiarchiveplayer.ie/fluent-dysphasia/ |
| An Seabhac (2010) | Trevor Laffey | Paul Mercier | Deirdre Ní Fhlatharta/ Síol Scéil | https://www.tg4.ie/ga/player/baile |
| *Sínte* (2014) | Tom Sullivan | Tom Sullivan & Feidlim Cannon | Ciarán Ó Cofaigh/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/baile |
| Fíorghael (2005) | Macdara Vallely | Macdara Vallely | Tamara Anghie/Zanzib ar Films | https://www.tg4.ie/en/player/home/ |
| Cúilín Dualach (2004) | Nora Twomey | Jackie Mac Donncha | Ross Murray, Cartoon Saloon agus Seán Ó Cualáin, Sónta Teo. | tg4.ie/foghlaim https://shorts.screenireland.ie/films?keywords=c%C3%BAil%C3%ADn+dualach |

| Drámaí T1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar / Scríbhneoir** | **Cnuasach** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| Coimhlint | Ré Ó Laighléis | Aistear Intinne | Coiscéim | 1996 |
| Aisling Aongusa | Brian Ó Baoill | TUB...aiste! agus drámaí eile: Duaisdrámaí an Oireachtais | www.lulu.com | 2010 |
| Lá Buí Bealtaine | Máiréad Ní Ghráda | Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail | Cló Iar-Chonnacht | 2000 2008 |
| An Casán | Séamus de Bhilmot | Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail | Cló Iar-Chonnacht | 2000 2008 |
| Pionta Amháin Uisce | Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coistealbha | An Tincéara Buí agus dréachtaí eile | Sáirséal agus Dill | 1962 |

**Aguisín 2: Liosta Téacsanna Dualgais T2**

## Liosta Téacsanna Dualgais (T2)

(Tagann an liosta de théacsanna dualgais seo in áit an liosta atá i gciorclán 0015 / 2023)

| **Úrscéalta T2** | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| *LabhairAmach.com* | Áine Uí Fhoghlú | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *Smuf* | Alan Titley | An Gúm | 2012 |
| *Sárú* | Anna Heussaff | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *Daideo* | Áine Ní Ghlinn | Cois Life | 2014 |
| *Cúpla* | Ógie Ó Céilleachair | Cló Iar-Chonnacht | 2011 |
| *Hiúdaí Beag* | Eithne Ní Ghallchobhair | Cló Mhaigh Eo | 2012 |
| *Tóraíocht Taisce* | Mícheál Ó Ruairc | Cois Life | 2012 |
| *An Mactíre Deireannach* | Patricia Forde | Futa Fata | 2023 |
| *Iománaí ón Iasacht* | Seán Ua Cearnaigh | Cló Iar-Chonnacht | 2016 |
| *Inis Mara* | Tristian Rosenstock | LeabharCOMHAR | 2022 |

| Gearrscéalta T2 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar** | **Cnuasach / Bailiúchán** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| *An Cluiche Mór* | Ógie Ó Céilleachair | *Katfish agus Scéalta Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *Spás* | Mícheál Ó Ruairc | *Na Lucha ag Rince* | Cló Iar-Chonnacht | 2009 |
| *M'Asal Beag Dubh* | Pádraic Ó Conaire | *Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta* (eag. Diarmuid de Faoite) | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| *Fionn agus an Fathach* | Jacqueline de Brún | *N/bh* | An tÁisaonad | 2012 |
| *Mar a fuair Cú Chulainn a ainm* | Máirtín Mac Grianna | *N/bh* | An tÁisaonad | 2012 |
| *Dubh agus Bán* | Majella Ní Dhomhnaill | *Cuimhní Porcealláin agus Scéalta Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2023 |
| *Cor* | Ré Ó Laighléis | *Bolgchaint agus scéalta eile* | Móinín | 2004 |
| *An Eochair* | Jackie Mac Donncha | *Bróga Johnny Thomáis* | Cló Iar-Chonnacht | 2012 |

| Filíocht T2 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **File** | **Cnuasach / Ar fáil ag** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| *Stadeolaíocht* | Marcus Mac Conghail | *Ceol Baile* | Cois Life | 2014 |
| *Jeaic ar Scoil* | Dairena Ní Chinnéide | *Máthair an Fhiaigh* | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| *Sámhchodladh* | Colm Breathnach | *An Fear Marbh* | Coiscéim | 1998 |
| *Aongus* | Johnny Chóil Mhaidhc | *Buille Faoi Thuairim Gabha* | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| *Deochadh Dorais* | Ailbhe Ní Ghearbhuigh | *The Coast Road* | Gallery Press | 2016 |
| *Breith Dáin* | Máirtín Ó Direáin | *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta* | An Clóchomhar Tta<br>(Cló Iar-Chonnacht) | 2010 |
| *Dán do Lara 10* | Michael Hartnett | *A Necklace of Wrens* | Gallery Press | 1987 |
| *Deireadh Cóisire* | Gearóid Mac Lochlainn | *Na Scéalaithe* | Coiscéim | 1999 |
| *Ceithre Ráithe na Bliana* | Pádraig Mac Suibhne | *Solas Uaigneach* | An Sagart | 1992 |
| *Obair Bhaile* | Áine Ní Ghlinn | *Bronntanais agus Féiríní Eile* | Cló Mhaigh Eo | 2010 |
| *An Blascaod Mór Anois* | Máire Áine Nic Gearailt | *An Inis* | Coiscéim | 2010 |
| *Cathair Rúnda* | Caitríona Ní Chléirchín | *Crithloinnir* | Coiscéim | 2010 |

| Amhráin T2 | |
|---|---|
| **Teideal** | **Údar / Scríbhneoir** |
| *Bí Ann/Leanfaidh mé* | Kila |
| *Fún orm* | IMLÉ |
| *An Poc ar Buile* | Traidisiúnta |
| *Mise Éire* | Pádraig Mac Piarais (liricí) Patrick Cassidy (ceol) |
| *An Saol Rúnda* | Oisín Mac |
| *Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir* | Tadhg Mac Dhonnagáin |
| *An Mhaighdean Mhara* | Traidisiúnta |
| *Ag Críost an Síol* | Seán Ó Riada (ceol) |
| *Déan é* | Sruth na Maoile |
| *Siar go Conamara* | Aerach |
| *An Cailín Álainn* | Sibéal Ní Chasaide |
| *Ar ais go Gaoth Dobhair* | Emma Ní Fhíoruisce |
| *Dochar* | Sonny Ní Chathasaigh |
| *Dúlamán* | Clannad |
| *Go Beo, Go Deor na nDeor* | Enda Reilly/Séamas Barra Ó Súilleabháin |

| Gearrscannáin T2 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Stiúrthóir** | **Scríbhneoir** | **Léiritheoirí / Comhlacht** | **Ar fáil ag** |
| *An Teanga Rúnda* (2005) | Brian Durnin | Brian Durnin | Macdaragh Kelleher, Fastnet Films | https://foghlaim.tg4.ie/tsraith_shoisearach/gearrscannain |
| *An tÁdh* (2014) | Colm Bairéad | Medb Johnstone | Deirdre Ní Fhlaithearta, ROSG | https://foghlaim.tg4.ie/tsraith_shoisearach/gearrscannain |
| *El Toro* (2012) | Tomás Seoighe | Tomás Seoighe | David Clarke | El Zorrero Films |
| *Fluent Dysphasia* (2004) | Daniel O'Hara | Daniel O'Hara | Gráinne O'Carroll/ Dough Productions | https://ifiarchiveplayer.ie/fluent-dysphasia/ |
| Cúilín Dualach (2004) | Nora Twomey | Jackie Mac Donncha | Ross Murray, Cartoon Saloon agus Seán Ó Cualáin, Sónta Teo. | tg4.ie/foghlaim https://shorts.screenireland.ie/films |
| *Síle* (2013) | Cathal Ó Cuaig | Séamus Moran | Ciarán Ó Cofaigh/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/baile/ |

| Drámaí T2 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | **Údar** | **Cnuasach** | **Foilsitheoir** | **Bliain** |
| *Gan Choinne* | Ré Ó Laighléis | *Aistear Intinne* | Coiscéim | 1996 |
| *Gleann Álainn* | Brian Ó Baoill | *Bózó agus drámaí eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2003 |
| *Na Deoraithe* | Celia de Fréine | *Blúiríní* | COGG | 2015 |
| *Cumhacht na Cuimhne* | Seosamh Mac Gabhann | *Cumhacht na Cuimhne agus Drámaí Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2000 |